


maor tráchta scoile




bata líreacáin



tiománaí

## An Fiosraitheoir

**Tasc 1:**
Cén fáth a mbíonn maor tráchta scoile de dhíth, do bharúil?

**Tasc 2:**
Ainmnigh daoine eile a chuidíonn linn ar scoil.

CEA
Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

13 Maor Tráchta na Scoile

Foilseachán de chuid CCEA © 2014

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana




## Maor Tráchta na Scoile

# Maor Tráchta na Scoile

Tá post iontach tábhachtach ag **maor tráchta na scoile**. Bíonn sé ann gach lá taobh amuigh den scoil s'againn, ar maidin agus tráthnóna. Seasann sé ar an chosán in aice leis an scoil. Bíonn **bata líreacáin** ina lámh aige atá buí agus dearg. Caitheann maor tráchta na scoile cóta buí agus hata fosta. Bíonn sé ann i rith na bliana ach amháin sa tsamhradh. Ní chailleann sé lá scoile in am ar bith!

Siúlaim ar scoil leis an chara is fearr agam Áine. Buaileann sí isteach chugam gach maidin. Bíonn an maor tráchta ina sheasamh taobh amuigh den scoil ag fanacht linn. Nuair a chuireann sé amach an bata líreacáin, feiceann na **tiománaithe** é agus stopann na carranna, na busanna agus na leoraithe uilig. Ansin, ligeann sé dúinn dul trasna an bhóthair go sábháilte.

Nuair a bhuaileann muid le maor tráchta na scoile bíonn craic againn leis i gcónaí. Stopann muid tamall beag le bheith ag caint leis. Insíonn sé scéalta dúinn. Is duine iontach greannmhar, cineálta agus cairdiúil é. In amanna, ritheann muid isteach sa scoil mar bíonn muid mall!




# Ceisteanna

**1.** **Cá háit a seasann maor tráchta na scoile?**
(a) Ar an bhóthar
(b) Ar an chosán
(c) Sa scoil

**2.** **Cén dath atá ar an chóta a chaitheann sé?**
(a) Bán (b) Bándearg (c) Buí

**3.** **Bíonn an maor tráchta taobh amuigh den scoil:**
(a) gach lá scoile.
(b) gach Luan.
(c) sa tsamhradh.

**4.** **Cén fáth a bhfuil bata líreacáin de dhíth ar an mhaor tráchta?**
(a) Feiceann na tiománaithe é go soiléir
(b) Is breá leis é a ithe
(c) Thig leis páistí dalba a bhualadh leis

**5.** **Bíonn maor tráchta na scoile:**
(a) i gcónaí feargach.
(b) i gcónaí sona sásta.
(c) i gcónaí tinn.

**6.** **Cén fáth a mbíonn na páistí seo mall in amanna, do bharúil?**
(a) Siúlann siad ar scoil go mall
(b) Ní bhíonn siad réidh in am
(c) Bíonn siad ag caint leis an mhaor tráchta